

Glór Cheatharlach

Corn Ghlór na nGael na mBuachaillí



Captaen na Gaelscoile, Andrew Mac Eochaidh, chun tosaigh le Sciath Ghlór na nGael

THÁINIG an ghrian amach thar Pháirc Uí Bhriain, Éire Óg do chomórtas Chorn Ghlór na nGael na mbuachaillí. Ghlac foirne ó cheithre scoil mheascaithe páirt sa chomórtas Gaelscoil Cheatharlach, Beann na gCaorach, Baile Haicéad agus Gaelscoil Átha Í. Tá an comórtas do dhaltáí i rang a cúig agus níos óige. Cabhraíonn seo le dul chun cinn scileanna na himreoirí a fhorbairt agus tugann sé stáitse dóibh gan tionchar rang a sé. Chun an méid is mó cluichí a thabhairt do chuide dhuine d'imir gach foireann a chéile. Thosaigh Gaelscoil Cheatharlach i stíl mórthaibhseach i gcoinne Bheann na gCaorach le Andrew Mac Eochaidh ag déanamh an damáiste ar son na Gaelscoile. Bhí an cosúlacht ar go raibh an cluiche faoi smacht ag buachaillí na Gaelscoile ach choinnigh Finbarr Ó Caomhánaigh srian ar a gcuid scóranna san céad leath. Fuair Cillain Ó Duibh cúl iontach do Bheann na gCaorach ach bhí Gaelscoil Cheatharlach ro-láidir go háirithe i lár na páirce le Hugh Ó Dubhlaoich. Chríochnaigh an cluiche 0-6 go dtí 1-0.

Sa dara cluiche d'imir Gaelscoil Átha Í i gcoinne Bhaile Haicéad. Thóg sé tamall don chluiche seo teacht chun beochta gan scór ar bith suas go dtí leath ama. Bhí cuid mhaith de na seansanna ag Baile Haicéad ach bhí an cosantóir Fallou Sangre thar barr do Átha Í. Sa dara leath tháinig Baile Haicéad amach i bhfad níos dírithe ar an gcluiche agus ghnóthaigh siad dhá chúl. Bhí Eoin Ó Broin suas agus síos an pháirc imeartha agus bhí Jack Ó Ceallaigh in ann na scóranna a thógáil gan stró ar bith. An scór deireannach ná 2-2 go dtí 0-0. Bhí seans ag Átha Í an chéad chluiche a chur taobh thiar díobh le chluiche

ar an bpointe i gcoinne Bheann na gCaorach agus thosaigh siad ar an mbealach ceart le cúl. Níorbh leor é sin áfach le himreoirí cosúil le Cathal Ó Neill ar an bpáirc agus chríochnaigh an cluiche 2-2 go dtí 1-0 i bhfabhar Bheann na gCaorach.

Le bua amháin ag trí fhoireann ansin bhí gach cluiche eile an-tábhachtach. Chuir Gaelscoil Cheatharlach ags bean na gCaorach chun páirce agus d'úsáid buachaillí na Gaelscoile an taithí a bhí acu ag imirt i bpáirceanna Éire Óg. Chuir Tadhg Ó Ceallaigh agus Diarmaid de Rút taispeántas den scoth i láthair mar chosantóirí. Níor lig siad isteach ach pointe amháin i rith an chluiche ar fad agus is éacht mór é sin le tosaithe mar Adam Ó Duinn ag imirt do Bheann na gCaorach. Bhí Cathal Ó Móráin lán d'fhuinneamh ins na tosaithe agus chláráirigh sé cúpla scór álainn. Chríochnaigh an cluiche 2-5 go dtí 0-1 i bhfabhar na Gaelscoile

Bhí cluiche ar ardchaighdeán ag Beann na gCaorach i gcoinne Bhaile Haicéad. Bhí Oisín agus Seán Ó Maoilmhána go hiontach do Baile Haicéad i rith an chluiche ar fad agus rinne Luke Ó Conghaile deimhin de nach bhfaighfeadh Beann na gCaorach cúl agus é idir na maidí. É sin ráite thóg buachaillí Bheann na gCaorach a bpointí agus le cabhair ó Sheán Ó Súilleabháin agus Cathal Ó Néill bhí an bua acu le 0-7 go dtí 1-2.

Bhí ar Ghaelscoil Cheatharlach dul thar Ghaelscoil Átha Í chun Corn Ghlór na Gael a bhuachaint agus ní raibh fadhb ar bith acu. Bhuaigh siad an cluiche le stíl iontach peile agus iad ábalta an liathróid a bhogadh go han-tapaigh go dtí go raibh pas oiriúnach ar na cártaí. Thóg siad an cinneadh ceart uair i ndiaidh uaire chun scór de 3-7 a reachtáil suas. Bhí Tomás Ó Murchú lán de spiorad do Átha Í ach bhí Gaelscoil Cheatharlach ro-láidir dóibh. Chríochnaigh an cluiche ar scórlíne 3-7 go dtí 1-1 agus an trófaí ag dul 100 méadar suas an bóthar ó Éire Óg go dtí Gaelscoil Cheatharlach don dara bliain as a chéile. Ghlac an captaen Andrew Mac Eochaidh leis an sciath agus ghabh sé buíochas leis na foirne go léir chomh maith leis na múinteoirí as páirt a ghlacadh i gcomórtas Chorn Ghlór na nGael 2012.

Beidh tuairisc ar chomórtas scoileanna na mbuachaillí amháin an tseachtain seo chugainn.

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:

Glór Cheatharlach
Sráid an Choláiste, Ceatharlach
(059) 9158105 / (085) 1340047

eolas@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
 Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

Chairty ICA fun run/walk St Mullins



Email: aoifejordan2003@hotmail.com

ST MULLINS ICA wants to remind everyone that our fun run/walk for all the family in aid of the National Breast Cancer Research is been held at Huntington Castle, Clonegal on Sunday 10 June at 3pm. Last year, the ICA collected €40,600 for breast cancer through all guilds in Ireland. All this money went directly to the National Research Centre in Galway. We hope to be able to be able improve on that this year, so your donations would be gratefully accepted.

HAPPY HEART

Happy Heart Collection taken up recently amounted to €673.60. Thanks to everyone for your support.

CALLING ALL BRIDGE PLAYERS

On Sunday 10 June, a bridge competition will take place in Rehab Care, Killeshin Road, Graiguecullen, Carlow. The event begins at 2pm and the entrance fee is €10 per person (including supper). For more information, please contact Angela Dermody on 087 9718940. All are welcome. Proceeds in aid of Rehab Care Carlow.

PEOPLE OF THE YEAR

The People of the Year Awards – honouring Ireland's heroes. Is there a hero in your midst? Perhaps an ordinary person who has done something extraordinary? Someone whose inspiring actions have singled them out for special recognition? Then please nominate them to receive an award at www.peopleoftheyear.com before 29 June. The awards are organised by Rehab, and this year's star-studded ceremony will be broadcast live on RTÉ One on Saturday 15 September. Contact the fundraising department on 01 2100 520 or email fundraising@rehab.ie

GREEN SCHOOLS

Congratulations to the pupils of Glynn NS, who were awarded green school status recently for devising and implementing and environmental management system. An enormous effort was put in to earn this award. The green flag flies over Glynn with pride. Well done. Keep up the good work for the environment.

CAMOGIE

St Mullins Ladies Club U8 and U12 camogie teams played Burrin Rangers recently. The U8s won by 10 goals to 2. The U12s lost by three goals to nil; while the U10s won by three goals to nil. The senior footballers played St Anne's, Tullow away on Sunday 27 May and won well. The U12 footballers played Glenmore last Wednesday week in Bahana. The girls played well but, unfortunately, lost out in the end. On Tuesday 26, the U14 camogie girls played Ballinkillen away and

lost. The U8s also played last Tuesday against Ballinkillen and won. The senior ladies footballers played Palatine last Wednesday in Bahana and won well. The U10 and U12 camogie teams played Naomh Bríd last Wednesday in Bahana. The U10s won by two goals to nil, but the U-12s lost. On Saturday 26 May, the senior footballers travelled to Milford to take on the local team. Despite the extremely hot weather, the girls cruised to a 5-10 to 0-1 victory. The U10 and U12 teams played Ballinkillen last Tuesday in Ballinkillen. The U10s team won by four goals to two. The U12 team lost but the girls played a great second half.

ST MULLINS GAA

Due to matters beyond the club's control, the All County League games against Ballinkillen and Myshall were not played as scheduled and will now take place at a later date. The footballers got back to winning ways recently when they beat O'Hanrahan's by 0-11 to 0-7 in the league. Their next game is against Kildavin. The intermediate hurlers resume activity on Thursday evening next when they play Mount Leinster Rangers in Rangers pitch at 7.30pm. The senior hurlers play O'Loughlin Gaels on Tuesday evening next in St John's Park at 7.30pm in the Kilkenny League.

GOLF CLASSIC

Preparations are well under way for the golf classic on 16 June, and all players should have their teams organised and practicing at this stage. Please submit entries to club secretary with preferred times as soon as possible. Teams of three cost €60 and there are some valuable prizes for the winners and runners-up, plus some novelty prizes. To round off the day, there is a cabaret in John A's on that night for the presentation of prizes and good social banter. There is a club meeting on Tuesday night next at 8.30pm in Bahana.

CARERS

The Carers Association (Carlow/Kilkenny Branch) will hold their monthly meeting on Wednesday 6 June at 2.30pm in the Cathedral Parish Centre. All carers are welcome and urged to attend. Contact Carmel on 056 7721424 or Frank on 087 2210252

LOTTO RESULTS

There was no winner of the recent lotto draw. Numbers drawn were 4, 19, 23 and 24. There were eight match-three winners: Thomas Malone, Kyle; Rose King, Keenans; Davy Fenlon, Newtown; S and A Kavanagh; Michael Fluskey; Michael Ralph, Drummond; Gerry Murphy; Thomas Coady, Ballybeg; and Sean Murphy, London. Seller's prizes: Mick Walsh, Pat Coady, Ned Gladney, Mike Ryan and PJ Murphy.

Gaeilge le Chéile na Míosa

CUIRFEAR fáilte roimh chách ag Gaeilge le Chéile, an oíche shóisialta mhíósúil trí Ghaeilge, ar an Déardaoin, 7 Bealtaine ag 9.00i.n. i dteach tábhairne Reddys. Tagann daoine, a bhfuil suim sa Ghaeilge acu, le chéile ar an gcéad Déardaoin de gach mí i rith na bliana chun an Ghaeilge a labhairt go sóisialta. Beidh fáilte go háirithe roimh dhaoine atá ag freastal ar Chúrsaí Ghaelchultúir i láthair na huair. Is deis mhaith í do dhaoine chun bualadh le daoine eile a labhraíonn Gaeilge. Cead isteach saor. Caint, comhrá agus comhlúadar trí Ghaeilge. Bí ann agus fáilte.